Shared Island Initiative

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

# Tionscnamh Oileán Comhroinnte Éire Ildánach 2023-2025

**Tionscnamh Oileán Comhroinnte**
**2023–2025**

Tá sé d'aidhm ag tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais leas a bhaint as cumas iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhoibriú, caidreamh agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte.

**Iarrfar sa Chlár Éire Ildánach úsáid a bhaint as an gcruthaitheacht ar bhonn oileán comhroinnte chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

→ Níos mó deiseanna a chur ar fáil do thionscnaimh chruthaitheachta chultúir agus thrasphobail idir leanaí agus daoine óga;

→ Tacú le húdaráis áitiúla feabhas a chur ar líonraí cruthaitheachta ar mhaithe le comhpháirtíochtaí fuinniúla agus ionchuimsitheacha idir daoine agus idir pobail;

→ Éire a cheapadh ina ceannaire domhanda ó thaobh luach na cruthaitheachta agus na meabhairshláinte a léiriú lena n-áirítear sochaithe iar-choimhlinte;

→ Comhoibrithe a neartú le haghaidh oileán atá níos inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de.



**Circusful, Belfast**
Image by Neo Digital Media



**Trish Ryding Longford Panel**
Photo by Sean McMahon

## Lá Uile-Oileáin Cruthaitheachta do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Éascóidh Éire Ildánach Lá Uile-Oileáin de chomhoibrithe cruthaitheachta saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óga ar an 10 Meitheamh trí imeachtaí trasphobail chun leanaí agus daoine óga ón dá thaobh den teorainn a thabhairt le chéile. Leis an gclár bríomhar seo d'imeachtaí beo agus ar líne, tabharfar deis do gach duine a gcruthaitheacht a chur chun cinn.

## Deiseanna Cruthaitheachta do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Tacófar sa Phlean Óige Ildánach le tionscnaimh shuaitheanta bhunathraitheacha a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an Oileáin. Tosóidh sé sin leis an tionscnamh Síolta Scéalta faoi stiúir Fighting Words, ina mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach i ngníomhaíochtaí comhoibríocha, trasteorann scríbhneoireachta cruthaitheachta.

## Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte

Ciste na bPobal Ildánach ar Oileán Comhroinnte d'Fhoirne Cruthaitheachta & Cultúir na n-údarás áitiúil chun tacú le comhoibrithe a bhaineann úsáid as líonraí trasteorann ar mhaithe le deiseanna cultúir agus cruthaitheachta idir daoine agus idir pobail. Osclaíodh an ciste i mí na Bealtaine 2023 agus cuirfear tús le tionscadail a n-éireoidh leo i mí Mheán Fómhair 2023 agus beidh siad ar siúl go dtí 2025.

## Sláinte an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht

Is clár atá i gceist le Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht chun tacú le tionscadail chruthaitheachta a mbeidh dea-thionchar acu ar shláinte agus ar fholláine phobal an Lucht Siúil. Chomh maith le tionscnamh deontais atá ann cheana, cuireadh maoiniú breise ar fáil do thionscnaimh oileán comhroinnte.

## An Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

Maidir le Ciste II um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide: Gníomhaithe don Athrú (2023–2025), tacófar le tionscadail chruthaitheachta shamhlaíocha a ardóidh feasacht ar an athrú aeráide agus a chuirfidh ar chumas saoránach athruithe fiúntacha a dhéanamh ar a n-iompar. Cuireadh maoiniú breise ar fáil le haghaidh roinnt tionscadal a thacaíonn le tionscnaimh oileán comhroinnte.

## Caidrimh Chruthaitheachta do Mheabhairshláinte

Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo Éire a cheapadh ina ceannaire domhanda chun úsáid a bhaint as cuir chuige faoi stiúir saineolaithe sna healaíona agus sa chruthaitheacht chun tacú le meabhairshláinte agus folláine lena n-áirítear i gcásanna iar-choimhlinte.

## Oileán Cothrom a Chruthú

Leithdháilfear maoiniú trí ghlao oscailte ar eagraíochtaí earnála chun cláir chomhoibrithe thrasteorann a mholadh bunaithe ar an gcruthaitheacht maidir le míchumas; inscne; cine, eitneacht agus ilchineálacht chultúir; agus LADTI.

Shared Island Initiative

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

**Clár Éire Ildánach**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
—
23 Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,
D02 TD30
—
**@CreativeIrl**
**@creativeirl**
**@creativeireland**
—
creativeireland@tcagsm.gov.ie
**creativeireland.gov.ie**

**#SharedIsland**